Diomdhach mé don mhacdhacht ríogh

[Paul Walsh/Pól Breatnach: *Beatha Aodha Ruaidh Uí Dhomhnaill* (Irish Texts Society 42/45, 1948/57); vol ii, 104-10]

Eóghan Ruadh Mac an Bhaird cc.

1 Diomdhach me don mhacdhacht ríogh
cóir do Dhia a dol a ndímbríogh
fa rodhána uirre ind
buime ar n-onára d'fhaichill.

2 Ga d'ulc dioghbhudh a hirsi
maith saith dhamh a dilghind-se
a gcumhacht an gcéin do bheath
céim rem uracht nír uaimhneach.

3 Do rad damh-sa - dia do ghlóir -
muirn a sóidh sódh a hanshóidh
táirreasa nó gur mheall me
ceand gach áineasa uaithe.

4 Gach céim aoibhnis da n-uair sionn
ón Iarla ní headh fhuairsiom
na chéaddamhna níor chleacht me
teacht le héadtarbha uaidhe.

5 Ar n-easbhaidh níor easbhaidh lind
riom-sa do ráidhiodh mh'inntind
bheith a ttacha nár dhíoth dhamh
críoch a ratha acht go ruachtadh.

6 Rom chuir don chleachtadh roimhe
an céim ránaig Rudhraighe
tar neart a chéadtoil do chóidh
a fhéacain buadh eacht dá onóir.

7 An ghairm iarlachta fhuair sin
éigean doide an uird ghaisgidh
a chiall do choimhfheacadh dhi
roidheacar riar na ríghe.

8 Mallacht don fhearacht fhaghla
nír shaoilsean na shodhamhna
sind ina neamhghoire anois
rind ar meanmaine maolais.

9 Póg an ógáin eacht oile
dá chéadathair collaidhe
do dhligh mé don mhacdhocht ríogh

a daltocht as é mhimshníomh.

10 Do bhí ag ridire eacht n-aon
mac óg go n-iomad míothaom
nár chuir srian ansmachta air
níor chiall andsachta d’athair.

11 Tigdis leis a los a ngráidh
athair máthair an mhacáimh
do reitheadh le réim a bhaois
feitheamh dhá chéill ní chleachdaois.

12 Marcoigheacht a mheanman féin
ar tús mar tugadh dhoiséin
ní fhill ón bhaois do bhunadh
re lind a aois d’apchughadh.

13 A lochta mar nar léig dhe
lucht coimhéid ceirt na ríghe
tug roineimh a ndligheadh dháibh
shligheadh d’oidhidh an ógáin.

14 Athair altroim a dhoirbhe
an uair do dhí a chéadoighre
mar budh cóir dá chura a réidh
do chóidh ar dhubha dhoiséin.

15 Aon phóg dhamh-sa druid am dhál
a athair ar an t-ógán
ria ndealachadh dhéid is damh
léig dot mhearachadh meanman.

16 Druidis ris mar do ráidh féin
béal srón an athor aindséin
téid thríotha ó chridhe go cnáimh
le mire fhíocha an ógáin.

17 Níor chuir tú a athair fhallsa
smacht as m’óige oram-sa
tú ar an mac do mhill meise
an tslat rind nír roindeise.

18 Mar sin damh do dhruim andsa
tú fa hathair agam-sa
barr ar moirni-ni mar mhac
am dá oirbhire orat.

19 Ná tug aithfear acht ort féin
dá mbeith nach beinn dot oighréir
a hainchleachtadh do mheall me

aithleantar eang na hóige.

20 Ní hé go madh iongnadh dhamh
dá mbeith nach beinn ad chleachtadh
aniodh a haithle tandsa
do chion d'aithle oram-sa.

21 Adéardais cách nár chúis truim
thú dom réir-sí a rí Chonuill
beith go rodhana as dleacht damh
acht reacht th'onora d'iomchar.

22 Do chéim féin ó fuair tusa
mo chor-sa am chéim duthchusa
má tá a ndán adlé mise
gibé mar tám tuigi-se.

23 Cuirim dhíom fa ndlighionn me
acht do rádh-sa a rí Eirne
ó tharlaidh ag car chuige
adhraidh dhamh as dóchaidhe. Diomdhach